

Creat Feidhmíochta Córais 2023-2028

Cás-Staidéir ar an Measúnacht
Tionchair : Beart Faisnéise

Clár an Ábhair

1. Intreoir	3
2. Próiseas an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair	4
Riachtanais cháilitheachta agus coinníollacha IACS.....	4
Measúnú ar an gCás-Staidéar	6
Iarmheastóireacht agus leithdháileadh an Mhaoinithe Feidhmíochta.....	7
3. Critéir mheastóireachta, marcáil, agus ualú	8
Tábla 1: Critéir Mheastóireachta	8
Tábla 2: Treoirlínte Marcála.....	11
Tábla 3: Scéim Marcála	11
4. Comhairle chun ullmhú do chás-staidéar	11
Tograí a shainaithint.....	11
An cás-staidéar a scríobh	13
Aguisín 1: Teimpléad IACS	15
1. Sonraí maidir le haighneacht an chás-staidéir	15
2. Léargas ginearálta	15
3. Cás-Staidéar ar an Measúnacht Tionchair.....	16
4. Sínte údaraithe	18
Aguisín 2: Liosta de pholasaithe agus straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta	19

1. Intreoir

Tá aighneacht de Chás-Staidéar ar an Measúnacht Tionchair (IACS) i gceist le riachtanais tuairiscithe bhliantúla n-institiúidí ardoideachais faoin [gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028](#). Tá Cás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair (IACS) nasctha le meicníocht dhearfach mhaoiniúcháin a thacaíonn le agus a aithníonn feidhmíocht shármhaith laistigh den chóras taighde agus ardoideachais. Tugadh an Maoiniú Feidhmíochta isteach faoin gCreat Feidhmíochta Córais 2018–2020 a bhí ann roimhe seo. In 2019, 2021, 2022, agus 2023, dámhadh €5 milliún de Mhaoiniú Feidhmíochta ar Institiúidí Ardoideachais. Tá tuilleadh eolais faoi na dámhachtainí seo ar fáil sa chuid dar teideal '[Scéalta Tionchair Institiúide](#)' ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Ard-Oideachas. Faoin gCreat 2023–2028, leanfaidh próiseas IACS, a ndearnadh athbhreithniú air, ag tabhairt deis d'institiúidí le rannchur iontach, suntasach a léiriú i leith tosaíochtaí náisiúnta a bhaint amach.

Cuspóir IACS is ea:

- Tionchar an ardoideachais agus an chórais taighde ar an tsochaí a chur in iúl.
- Tograí a chur i láthair inar éirigh le hinstiúidí polasaithe náisiúnta agus tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.
- Feabhas a chur ar chraobhscaoileadh an dea-chleachtais agus na foghlama ar fud an chórais.
- Fianaise a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin gceapadh polasaithe agus réimsí sa chóras a shainathint ar féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh iontu.
- Conas a leithdháiltear an maoiniú bliantúil feidhmíochta a threorú.

2. Próiseas an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair

Riachtanais cháilitheachta agus coinníollacha IACS

Coinníollacha ginearálta

- Mar chuid den phróiseas bliantúil maidir le Straitéis agus Plé Feidhmíochta, ní mór do Institiúidí Ardoideachais incháilithe¹ Cás-Staidéar ar an Measúnacht Tionchair (IACS) amháin a chur isteach, mar institiúid aonair nó mar pháirtí i gcomhaighneacht.
- Ní cheadaítear ach aighneacht IACS amháin do gach institiúid ardoideachais incháilithe in aghaidh na bliana, cé acu a chuirtear isteach mar institiúid ar leith nó mar chuid de chomhaighneacht í.
- Caithfidh IACS a léiriú go bhfuiltear ag teacht le straitéisí agus le polasaithe náisiúnta agus go bhfuil comhleanúnachas ann leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028.
- Tá institiúidí freagrach as príomhchúram a gcás-staidéir a shocrú, ar cheart d'Oifig an Uachtaráin nó a macasamhail é a chur isteach.
- De réir chur i bhfeidhm an Chreata Feidhmíochta Córais agus an Chreata Maoirseachta Rialtais mar chreataí comhlántacha comhuaineacha, is réamhriachtanas é rialachas institiúideach éifeachtach chun rochtain a fháil ar an Maoiniú Feidhmíochta.
- Measfar go bhfuil cás-staidéir a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta d'aighneachtaí a fógraíodh neamh-incháilithe le breithniú don Mhaoiniú Feidhmíochta

Cloí leis an teimpléad agus le huasmhéid focal

- Ní bheidh ach IACS a chuirtear isteach ag baint úsáid as an teimpléad a thugtar incháilithe do mhaoiniú feidhmíochta. Níor cheart formáid an teimpléid do chás-staidéir a athrú.
- Ní mór do IACS cloí go docht leis an uasmhéid focal luaithe le haghaidh gach cuid den teimpléad. Leasófar focail atá os cionn an uasmhéid sula ndéanfar an aighneacht a mheas. Freagracht na n-institiúidí atá ann a chinntiú nár sáraíodh uasteorainn na bhfocal sular cuireadh an aighneacht isteach. Ní cheadófar an cás-staidéar a chur isteach arís i ndiaidh an spriocdháta.
- Is féidir le fíoracha (i.e. grianghraif, táblaí, graif, léaráidí) a bheith i ngach cuid den teimpléad IACS. Ní chuirtear sonraí agus lipéid na sonraí i dtáblaí agus i ngraif san áireamh in uasteorainn na bhfocal. Cuirtear téacs aonair, próis, nó téacs inléite laistigh d'fhíoracha san áireamh in uasteorainn na bhfocal sa teimpléad. Tá institiúidí freagrach as líon focal cruinn a chur ar fáil, na fíoracha san áireamh, agus d'fhéadfaí

¹ ATU, DCU, DKIT, IADT, MTU, MIC, MU, NCAD, SETU, TCD, TuD, TUS, UCC, UCD, UL, agus Ollscoil na Gaillimhe.

ceist a chur orthu fíoracha a chur ar fáil i bhformáid a éascaíonn comhaireamh uathoibríoch na bhfocal (i.e. PDF nó Word, seachas jpeg nó PNG).

- Ní cheadaítear aguisíní ná hipearnaisc bhreise. Ní dhéanfar aon ábhar breise a chuirtear ar fáil a mheas, agus bainfead nó leasófar hipearnaisc chuig ábhar scríofa.
- Ní mór do Cheann na hInstitiúide aighneachtaí IACS a shíniú sula gcuirtear isteach iad.

Comhaighneachtaí agus dámhachtainí

- Is féidir le suas le trí institiúid ardoideachais dul i bpáirt le chéile chun comhaighneacht a chur isteach.
- Caithfead páirtí institiúide ardoideachais amháin a aithint mar an bpáirtí comhordaithe chun críoch riaracháin.
- Ní mór do Cheann Institiúide gach páirtí an cás-staidéar a shíniú.
- Nuair a dhámhtar Maoiniú Feidhmíochta ar chomhaighneachtaí cás-staidéir, aithneofar agus an maoiniú á leithdháileadh gur ghlac níos mó ná páirtí institiúide ardoideachais amháin páirt iontu. Toisc go bhfuil teorainn leis an Maoiniú Feidhmíochta a dhámhtar in aon bhliain amháin, d'fhéadfaí níos lú dámhachtainí a bhronnadh ar an iomlán mar thoradh ar an gcás féideartha seo.
- Bronnfar dámhachtainí ar chomhaighneachtaí cás-staidéir do chuibhreannas na Institiúidí Ardoideachais incháilithe a chuireann na IACS isteach agus is féidir iad a úsáid chun tuilleadh dul chun cinn nó forbartha a dhéanamh ar an togra a ndéantar cur síos air sa chás-staidéar nó chun tacú leis an togra/na tograí comhoibríocha nua, de réir mar a aontaíonn na hInstitiúidí comhpháirtíochta.

Aighneacht a chur isteach arís

- Is féidir IACS a chur isteach le breithniú arís, má cuireadh isteach roimhe seo é don Mhaoiniú Feidhmíochta agus murar bronnadh dámhachtain Maoinithe Feidhmíochta ar Institiúid Ardoideachais. Ní mór don IACS a cuireadh isteach arís freagrúlacht a léiriú don aiseolas a tugadh sna próisis mheasúnaithe roimhe seo.
- Ní féidir IACS a chur isteach le breithniú arís, má cuireadh isteach roimhe seo é don Mhaoiniú Feidhmíochta agus má bronnadh dámhachtain Maoinithe Feidhmíochta ar Institiúid Ardoideachais.
- Ní bheidh cás-staidéar ina léirítear togra, a raibh ina phríomhchúram de chás-staidéar ar bronnadh Maoiniú Feidhmíochta air roimhe seo, incháilithe le breithniú don Mhaoiniú Feidhmíochta ach amháin sa chás go ndearnadh forbairt shuntasach ar an togra thar thréimhse ama a chlúdaíonn níos mó ná timthriall amháin don Chreat Feidhmíochta Córais. Ní mór d'Institiúidí atá ag cuimhneamh ar aighneacht dá leithéid a dhéanamh dul i dteagmháil leis an tÚdarás um Ard-Oideachas (systemperformance@hea.ie) chun an riachtanas cáilitheachta seo a phlé.

Próiseas cinní cáilitheachta

- Déanfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) athbhreithniú tosaigh ar aighneachtaí de réir na riachtanas agus na gcoinníollacha thuasluaite.

- Glacfar céimeanna chun a chinntiú gur phléigh na hinstiúidí leis na gnéithe riachtanacha den Chreat Maoirseachta Rialtais, agus sa chás go dtagann fadhbanna aníos, d'fhéadfadh an tÚdarás um Ard-Oideachas a mheas nach bhfuil instiúid incháilithe chun Maoiniú Feidhmíochta a fháil.
- Cuirfear in iúl d'instiúidí i scríbhinn má mheastar nach bhfuil an IACS incháilithe don Mhaoiniú Feidhmíochta. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Údaráis um Ard-Oideachas.
- Gheobhaidh instiúidí aiseolas scríofa faoin IACS, de réir phróiseas na meastóireachta thíos, beag beann ar cháilitheacht don mhaoiniú.

Measúnú ar an gCás-Staidéar

Coiste Measúnaithe

- Tacóidh sainchoiste measúnaithe (an Coiste) le measúnú a dhéanamh ar IACS, ar a mbeidh ceathrar meastóirí ar a laghad, ceaptha ag an tÚdarás um Ard-Oideachas.
- Beidh an t-eolas cuí ag baill an choiste ar an ardoideachas agus beidh taithí acu ar phróisis na meastóireachta, agus beidh comhdhéanamh an Choiste ar an eolas faoi chothromaíocht inscne, taithí phróisis IACS an Údaráis um Ard-Oideachas, suíomh geografach, agus saineolas smachtaithe.
- Beidh rochtain ag an gCoiste ar gach cás-staidéar a chuirtear isteach.
- Cuirfear Comhaontuithe Feidhmíochta ar fáil do mheastóirí mar fhoinse eolais chomhthéacsúil.

Athbhreithniú agus marcáil

- Déanfaidh beirt bhall den choiste athbhreithniú neamhspleách ar gach cás-staidéar, ag baint úsáid as na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach i dTábla 1 (thíos), ag déanamh machnamh cuí ar ábharthacht, éifeachtúlacht, tionchar agus caighdeán an IACS.
- Déanfar taifeadadh ar mheasúnú ar a mhéid a chomhlíon cás-staidéar gach critéar, ag baint úsáid as na treoirlínte marcála atá leagtha amach i dTábla 2 agus ríomhfar an marc iomlán de réir na n-uailithe atá leagtha amach sa scéim marcála, Tábla 3. Ionas go gcuirfear san áireamh sa phróiseas marcála é, ní mór fianaise chúí, iontaofa a thabhairt a chruthódh dearbhuithe, tuairimí agus cinntí.
- Cuirfidh gach duine den bheirt bhall coiste marc isteach mar aon le tráchttaireacht scríofa trí theimpléad a chuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas ar fáil.
- Rangófar an IACS de réir mheánmharc an dá scór.
- Roimh chruinniú comhaontuithe an choiste, tabharfar na chéad mharcanna agus an rangú do gach ball den choiste. Roimh an gcruinniú comhaontuithe, tabharfar an t-eolas is déanaí don Choiste maidir le haon chinneadh cáilitheachta.

Comhaontú agus moltaí

- Tionólfadh an tÚdarás um Ard-Oideachas cruinniú den Choiste chun IACS a phlé agus marcanna deiridh a shocrú do gach IACS mar aon leis an rangú foriomlán. Beidh an tÚdarás um Ard-Oideachas mar chathaoirleach ar an gcruinniú.
- Pléifidh an Coiste na difríochtaí idir marcanna na mball coiste (maidir le cás-staidéar ar leith) a bhíonn fós ann i ndiaidh na cainte ag an gcruinniú comhaontuithe, agus a bhfuil tionchar suntasach acu ar chinntí maoinithe. D'fhéadfadh an Coiste a bheartú gur gá go ndéanadh tríú ball den choiste athbhreithniú agus marcáil i gcás ar leith, agus gheofar meánmharc an trí scór sa chás seo.
- Má bhíonn an meánmharc céanna ag dhá chás-staidéar nó níos mó, agus má bhíonn tionchar suntasach aige seo ar chinntí maoinithe, déanfar an scór a bhronntar go speisialta don tionchar a ualú níos mó.
- Maidir leis an rangú agus le marcanna IACS, déanfaidh an Coiste moltaí don Údarás um Ard-Oideachas i dtaca le leithdháiltí maoinithe d'institiúidí incháilithe.
- Molfar don Choiste, toisc go bhfuil an maoiniú atá ar fáil teoranta, agus go mbronntar mar aitheantas ar fheidhmíocht eiseamláireach é, nach molfar ach líon beag cás-staidéar don dámhachtain.
- Fostófar iniúchóirí próisis chun measúnú neamhspleách a thabhairt ar théagar agus ar chothroime an phróisis fhoriomláin, de réir na ngnásanna agus na dtreoirlínte a thugtar. Freastalóidh Iniúchóirí Próisis ar chruinnithe leis an Údarás um Ard-Oideachas agus leis an gCoiste chun comhsheasmhacht agus trédhearcacht a chinntiú.

Iarmheastóireacht agus leithdháileadh an Mhaoinithe Feidhmíochta

- Cuirfear doiciméad ar fáil ina dtugtar breac-chuntas ar mholtaí an Choiste maidir le leithdháileadh an Mhaoinithe Feidhmíochta atá ar fáil do Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas go ndéanfar athbhreithniú air agus go bhfaomhfar é.
- Roinnfear na leithdháiltí maoinithe faofa agus sonraí na gcás-staidéar go léir a fhaightear leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
- Cuirfear na Institiúidí Ardoideachais ar an eolas faoi thoradh an phróisis meastóireachta IACS, faoi lánchosc, agus cuirfear aiseolas scríofa ar fáil.
- I gcomhréir le cuspóir IACS feabhas a chur ar scaipeadh na foghlama ar fud an chórais, foilseoidh an tÚdarás um Ard-Oideachas fíneid de chás-staidéir rathúla mar '[Scéalta Tionchair](#)' ar shuíomh gréasáin an tÚdaráis um Ard-Oideachas, mar aon leis na scéalta a fhógairt go poiblí ar bhealaí traidisiúnta na meán agus na meán sóisialta. Rachaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas i dteagmháil leis na Institiúidí Ardoideachais a ndámhtar Maoiniú Feidhmíochta orthu maidir leis an eolas atá ag teastáil chun an dámhachtain a fhógairt go poiblí.

- Íocfar an maoiniú leis na hinstiúidí nuair a fhaightear an fhoirm ghlactha ar ais, agus í sínithe.
- Is féidir an Maoiniú Feidhmíochta a úsáid chun cur le, agus dul chun cinn a dhéanamh ar thograí atá ann cheana féin, nó chun airgead a chur ar fáil do thograí nua a chuireann leis na straitéisí agus polasaithe náisiúnta a bhaint amach, de réir an Chreata Feidhmíochta Córais 2023-2028.
- Beidh ar Instiúidí Ardoideachais a ndámhtar Maoiniú Feidhmíochta orthu creataí monatóireachta agus meastóireachta a chur isteach, chomh maith le buiséid dá dtionscadail bheartaithe don Údarás um Ard-Oideachas le faomhadh sula gcuirtear tús leo. I gcás dámhachtainí cuibhreannais, cuirfidh an instiúid comhpháirtíochta eagraithe na pleananna maidir leis an tionscadal beartaithe isteach.
- Beidh ar Instiúidí Ardoideachais cloí le riachtanais tuairiscithe agus mhonatóireachta atá leagtha síos ag an Údarás um Ard-Oideachas ar feadh fhad a dtionscadal Maoinithe Feidhmíochta.
- Trí bliana a bheidh sa tréimhse mhaoinithe do thionscadail Maoinithe Feidhmíochta, agus is féidir le Instiúidí Ardoideachais an maoiniú a dhámhtar a úsáid chun tacú le trí thionscadal ar leith ar a mhéad. Is ionann an t-íosbhuiséad do thionscadal agus €250,000.

3. Critéir mheastóireachta, marcáil, agus ualú

Déanfar cás-staidéir a mheas ag baint úsáid as na ceithre chritéar meastóireachta i dTábla 1: Critéir Mheastóireachta. Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm i ngach cuid den teimpléad IACS. Dámhfar marc (as 5) ar gach critéar bunaithe ar a mhéid a chomhlíon an IACS an critéar, ag baint úsáid as na treoirlínte atá leagtha amach i dTábla 2: Treoirlínte Marcála. Ríomhfar an marc foriomlán don chás-staidéar ansin bunaithe ar ualuithe gach critéir mar atá leagtha amach sa Scéim Marcála i dTábla 3.

Tábla 1: Critéir Mheastóireachta²

Ábharthacht
D'fhreagair cuspóir(i) an togra agus an dearaidh do straitéis agus do pholasaí náisiúnta, don chomhthéacs instiúide, do riachtanais na dtairbhíthe, agus do na cúinsí atá ag forbairt.

² Rinneadh na critéir mheastóireachta seo a leasú ó na sé chritéar atá leagtha amach in ECFE (2019), *Better Criteria for Better Evaluation: Revised Evaluation Criteria Definitions and Principles for Use*, Lónra ECFE/DAC maidir le Measúnú ar an bhForbairt, <https://www.oecd.org/dac/evaluation>.

Fianaise tháscach ón gcás-staidéar	<ul style="list-style-type: none"> • Ailníú idir cuspóirí agus dearadh an togra agus polasaithe agus straitéisí institiúide agus náisiúnta. • Dearadh togra atá bunaithe ar riachtanais, le bunús fianaise inchreidte: <ul style="list-style-type: none"> ○ Meastóireacht agus anailís ar fheidhmíocht bhonnlíne institiúide le tagairt do shonraí agus don tagarmharcáil; ○ Sainaitheint na dtairbhíthe beartaithe: ○ Meastóireacht ar riachtanais na dtairbhíthe; ○ Sainaitheint na ndeiseanna agus na ndúshlán; ○ Bunús taighde agus/nó athbhreithniú ar an dea-chleachtas. • Comhlántacht/comhoiriúnacht le struchtúir atá ann cheana féin/struchtúir bhainteacha agus/nó tograí san institiúid, earnáil nó sa tír. • Freagrúlacht don chomhthéacs atá ag forbairt.
------------------------------------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Éifeachtúlacht

Bhí cur i bhfeidhm an togra rathúil agus baineadh amach a chuspóir(i) agus a thorthaí laistigh den achar ama a luadh, lena n-áirítear aon toradh difreálach ar fud na ngrúpaí.

Fianaise tháscach ón gcás-staidéar	<ul style="list-style-type: none"> • Meicníochtaí measúnaithe agus meastóireachta láidre, lena n-áirítear sainaitheint na dtáscairí ratha. • Fianaise d'úsáid éifeachtach straitéiseach na n-acmhainní atá ar fáil. • Torthaí intomhaiste ar leibhéal an aschuir, i.e., táirgí insólathartha in am, garspriocanna bainte amach, nó buntáistí díreacha, láithreacha do na tairbhíthe beartaithe. • Léargais agus foghlaim loighciúil, bunaithe ar fhianaise ó aiseolas múnlaiteach nó measúnú ar an togra. • Feabhsúcháin le himeacht ama ar thorthaí a bhaineann leis an bhfoghlaim agus leis an oiriúnú. • Cur leis na spriocanna náisiúnta a bhaint amach. • Cuspóir(i) an togra bainte amach.
------------------------------------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Tionchar³

³ Meastar anseo gur critéar atá i gceist le 'tionchar', seachas 'Tionchair' i gCuid 3.3 ina leagann institiúidí amach torthaí a dtogra.

Chruthaigh an togra⁴ éifeachtaí suntasacha, dearfacha, agus fad-téarmacha agus/nó claochlaitheacha.

Fianaise tháscach ón gcás-staidéar

- Tionchair bainte amach agus léiriú ar a gcumhacht agus ar a dtábhacht mar a shainmhínítear i gCuid 3.3 den teimpléad. D'fhéadfadh na samplaí seo a leanas a bheith i gceist:
 - Feabhsúcháin intomhaiste ar fholláine na dtairbhíthe agus/nó feabhsúcháin inchreidte ar ionchais na dtairbhíthe.
 - Laghdú intomhaiste nó cosc inchreidte ar dhochar, riosca, costas nó aon éifeacht dhiúltach eile ar na tairbhíthe.
 - Cur i bhfeidhm níos leithne (d'institiúid nó do chomhthéacs eile) na léargas agus na foghlama a thagann aníos ón gcrabhscaoileadh nó ó pháirt a ghlacadh sa togra.
 - Athruithe ar an bpolasaí nó ar an gcleachtas mar thoradh ar chomhairle nó ar aistriú eolais chuig na páirtithe leasmhara agus/nó an lucht déanta polasaithe.
 - Cur leis na spriocanna náisiúnta a bhaint amach.
 - Athrú sa dioscúrsa poiblí maidir leis an tsaincheist/na saincheisteanna a dtéann an togra i ngleic leo.
 - Athruithe iomlánaíocha agus seasmhacha ar chórais nó ar noirm.
- Dearbhú seachtrach ar ghnóthachtáil:
 - Dámhachtainí; rangú; tráchtanna an scrúdaitheora sheachtraigh; aiseolas ó phróiseas neamhspleách meastóireachta.

Caighdeán

Cuireann an cás-staidéar cuntas soiléir, stuama ar fáil den togra, le léiriú cruinn agus cuí ar fhianaise de thábhacht, éifeachtúlacht agus tionchar an togra.

Fianaise tháscach ón gcás-staidéar

- Insint shoiléir, dhírithe agus chiallmhar.
- Cur i láthair cruinn agus soiléir an eolais, lena n-áirítear sonraí cáilíochtúla/ cainníochtúla.
- Comhthéacsú sonraí.

⁴ Úsáidtear an nath 'chruthaigh' anseo chun tagairt a dhéanamh do na héifeachtaí sin atá mar thoradh ar, nó a bhfuil an-seans ann go mbeidh siad mar thoradh ar ghníomhartha nó idirghabhálacha an togra go dtí seo. Is mór idir iad seo agus na héifeachtaí sin a d'fhéadfaí a chruthú amach anseo má bhíonn an togra fós ar siúl agus/nó má chuirtear leis. Tá an dara féidearthacht lasmuigh de scóip an chritéir seo.

Tábla 2: Treoirlínte Marcála.

Marc	Tuairisceoir	
1	Lag	Ní théitear i ngleic leis an gcritéar mar is ceart nó tá laigí tromchúiseacha ó dhúchas ann.
2	Réasúnta	Téann an cás-staidéar i ngleic leis an gcritéar go leathan, ach tá laigí suntasacha ann.
3	Go maith	Téann an cás-staidéar i ngleic leis an gcritéar go maith, ach tá roinnt easnamh ann.
4	An-mhaith	Téann an cás-staidéar i ngleic leis an gcritéar go han-mhaith, ach tá roinnt bheag easnamh ann.
5	Ar fheabhas	Éiríonn leis an gcás-staidéar dul i ngleic le gach gné ábhartha den chritéar. Má tá easnaimh ann, níl ann ach easnaimh fhánacha.

Tábla 3: Scéim Marcála

Critéir	Marc Uasta	Ualú	Marcanna atá ar fáil
Ábharthacht	5/5	4	20/100
Éifeachtúlacht	5/5	5	25/100
Tionchar	5/5	8	40/100
Caighdeán	5/5	3	15/100

4. Comhairle chun ullmhú do chás-staidéar

Tograí a shainaitint

- Tá institiúidí freagrach as príomhchúram a gcás-staidéir a shocrú. Toisc gur riachtanas de chuid Chreat Feidhmíochta Córais 2023–2028 é cás-staidéar a chur isteach gach bliain, féadfar tús a chur le haighneacht an chás-staidéir a phleanáil sula n-osclaítear an ghairm.

- Ó tharla go mbaintear an tionchar amach thar thréimhse mheántéarmach go fadtéarmach de ghnáth, moltar d’institiúidí tús a chur leis an bpleanáil d’aighneachtaí IACS do bhlianta amach anseo.
- Spreagtar institiúidí le feasacht an phróisis IACS a chur chun cinn ar fud na hinstiúide, agus gairm inmheánach a úsáid chun cabhrú leo tograí feiliúnacha a aimsiú. D’fhéadfaí cur leis an bhfeasacht ar mhodheolaíochtaí foirmeálta inúsáidte chun measúnú a dhéanamh ar thograí má scaiptear eolas maidir le [timthriallta na ndámhachtainí IACS](#) roimhe seo.
- Má chuirtear na meicníochtaí meastóireachta bunaithe ar fhianaise i bhfeidhm ó thús an togra, agus má dhéantar measúnú rialta ar an dul chun cinn, tacófar le measúnú an tionchair atá riachtanach do chás-staidéar.
- Is beag seans go mbeadh tograí atá ar siúl le tréimhse ghairid anuas feiliúnach do chás-staidéar.

Agus togra á roghnú mar chás-staidéar, d’fhéadfadh na ceistanna seo a leanas a bheith úsáideach:

An bhfuil dóthain dul chun cinn déanta ar an togra?

- Ar mhaithe le tionchar a léiriú thar thréimhse mheántéarmach go fadtéarmach, is iad na tograí is feiliúnaí don roghnú ná na cinn a tosaíodh trí bliana ó shin nó níos mó. Níor cheart d’institiúidí díriú ar thograí nach bhfuil mórán forbartha déanta orthu.

An bhfuil an togra ailínithe go straitéiseach agus ábhartha?

- Caithfidh IACS a léiriú go bhfuiltear ag teacht le straitéisí agus le polasaithe náisiúnta (féach Aguisín 2) agus go bhfuil comhleanúnachas ann leis an [gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028](#).
- B’fhiú cuimhneamh ar a mhéid a bhí dearadh nó forbairt an togra bunaithe ar fhianaise, e.g., anailís ar na sonraí inmheánacha agus/nó seachtracha; comhairliúchán le páirtithe leasmhara nó aiseolas uathu; próisis athbhreithnithe agus moltaí; deachleachtas ábhartha; torthaí taighde roimhe seo.

An togra eiseamláireach é?

- Beidh foghlaim cruthaithe ag tograí éifeachtúla, a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí, agus seans go mbeadh siad tar éis cur le polasaí nó cleachtas feabhsaithe taobh amuigh den institiúid féin.
- De bharr a n-ábharthachta agus a n-éifeachtúlachta, cuireann tograí eiseamláir nó múnla ar fáil ar féidir iad a leanúint nó a athchruthú.

An bhfuil dóthain sonraí ar fáil chun éifeachtúlacht agus tionchar an togra a léiriú?

- Beidh gá le fianaise infhíoraithe chun éifeachtúlacht agus tionchar an togra a léiriú.
- Ní mór tacú le spriocanna, cuspóirí agus torthaí tionscadail trí shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, bonnlínte tagartha, nó tagarmharcáil, chun dul chun cinn a léiriú agus rath a mheas.
- Mura bhfuil dóthain sonraí agus fianaise ar fáil chun bunús a thabhairt le ráitis faoi láidreachtaí agus buntáistí an togra, seans nach bhfuil an togra réidh lena chur isteach mar chás-staidéar.

An chás-staidéar a scríobh

Cuspóir an chás-staidéir is ea cur síos a dhéanamh ar thogra eiseamláireach agus a thionchar a léiriú, ag baint leas as fianaise a bailíodh trí mheastóireacht agus measúnú na hinstiúide féin.

Príomhchúram agus comhleanúnachas

- Ba cheart don chás-staidéar díriú ar thogra nó ar thionscadal stuama amháin. Níor cheart dó níos mó ná togra amháin a chur sa áireamh nach bhfuil sách comhtháite nó nasctha lena chéile.
- Ní mór don chás-staidéar scóip agus paraiméadair an togra, ar príomhchúram na measúnachta tionchair é, a leagan amach go soiléir.
- Ba cheart go mbeadh insint shoiléir ag na chás-staidéir a léiríonn conas a tharla torthaí agus tionchair de bharr gníomhartha.
- Ba cheart do chás-staidéir cur síos a dhéanamh ar, agus fianaise a thabhairt de thorthaí agus tionchair atá bainte amach go dtí seo, lena n-áirítear foghlaim ar bith agus aon roinnt den dea-chleachtas a chur in iúl.
- Ba cheart cur síos iomarcach ar ghníomhaíochtaí nó ar phróisis, nó ar mhianta nó ar spriocanna amach anseo, a sheachaint.

Soiléireacht

- Ba cheart na chás-staidéir a scríobh i dteanga a thuigeann spriocphobal nach spriocphobal speisialtóirí é.
- Ní mór saintearmaíocht nó téarmaíocht theicniúil, acrainmneacha, nó tagairtí áitiúla nach bhféadfadh coiste idirnáisiúnta a thuiscint gan stró a mhíniú nó a sheachaint.

- Chun botúin a laghdú, moltar léamh profaí agus cóipeagarthóireacht a dhéanamh. D'fhéadfadh athbhreithniú inmheánach agus meicníocht dhearbhaithe feabhas a chur ar chaighdeán an chás-staidéir.

Fianaise

- Ní mór do chás-staidéir úsáid a bhaint as dóthain sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ón togra chun fianaise a thabhairt de thorthaí agus tionchar.
- D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le bunús láidir fianaise a éireoidh leis: torthaí na suirbhéanna do rannpháirtithe agus teistiméireachtaí; spriocanna inchainníochtaithe ar leith curtha i gcomhthéacs agus bainte amach; tagairtí don togra i ndoiciméid pholasaí /straitéise náisiúnta.
- Marcáiltear cás-staidéir bunaithe ar thionchar léirithe an togra, ní ar spriocanna ná ar chumas amach anseo a chur in iúl.
- Ba cheart do chás-staidéir ábaltacht láidir a léiriú don mhachnamh criticiúil agus don fhoghlaim ón measúnú ar an togra.

Tá achoimrí ar na IACS ar dámhadh Maoiniú Feidhmíochta orthu in 2019, 2021, 2022 agus 2023 ar fáil sa chuid dar teideal [Scéalta Tionchair Institiúide ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Ard-Oideachas](#).

Tá tuilleadh treorach maidir le riachtanais an iarratais leabaithe sa teimpléad IACS (Aguisín 1).

Aguisín 1: Teimpléad IACS

1. Sonraí maidir le haighneacht an chás-staidéir

Ainm na hinstitiúide: (Más comhaighneacht atá i gceist, luaigh an institiúid chomhordaithe.)	
Teideal an chás-staidéir (10 bhfocal ar a mhéad):	
Aighneacht aonair nó comhaighneacht:	
Más comhaighneacht atá i gceist, déan liosta de na hinstitiúidí comhpháirtíochta:	
Ainm an phríomhtheagmhálaí:	
Teideal an phoist:	
Seoladh ríomhphoist:	

2. Léargas ginearálta

2.1 Achoimre ar an togra

Tabhair achoimre ghairid ar an togra, ar príomhchúram an chás-staidéir é. Uasteorainn focal: 60
[Líon focal:]

2.2 Tréimhse cur i bhfeidhm

Tabhair le fios cathain a thosaigh an togra agus cathain a chríochnaigh sé, nó an bhfuil sé fós ar siúl. Uasteorainn focal: 30
[Líon focal:]

2.3 Ailíniú leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028

Roghnaigh an Colún/na Colúin iomchuí	Roghnaigh an réimse/na réimsí trasnaí tionchair iomchuí (trí cinn ar a mhéad).
Teagasc agus Foghlaim <input type="checkbox"/>	Roghnaigh an trasnaí.
Taighde agus Nuálaíocht <input type="checkbox"/>	Roghnaigh an trasnaí.
Rochtain agus Rannpháirtíocht <input type="checkbox"/>	Roghnaigh an trasnaí.

2.4 Polasaithe agus straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le hábhar

Déan liosta de chúig phríomhpholasaí agus/nó straitéis náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta ar a mhéad a bhaineann leis an togra (féach Aguisín 2 den Phacáiste Eolais IACS don liosta tagartha).

- 1.
- 2.
- 3.
- n.*

3. Cás-Staidéar ar an Measúnacht Tionchair

3.1 Cuspóir, scóip agus dearadh

Tabhair achoimre ar chuspóir, scóip agus dearadh an togra. Ní mór eolas a thabhairt faoi chomhthéacs, réasúnaíocht, agus bunús fianaise an togra, le tagairt don mhéid seo a leanas:

- Aonaid tacaíochta agus bhainistíochta acadúla agus/nó ghairmiúla ag treorú/ ag comheagrú an togra.
- Comhoibriú nó comhpháirtíocht sheachtrach (laistigh den chóras HE nó le grúpaí/páirtithe eile), más cuí.
- Comhthéacs polasaí agus/nó straitéise náisiúnta don togra.
- Deiseanna agus/nó dúshláin a raibh an togra deartha chun freagairt dóibh, le tagairt d'anailís ar shonraí bonnlíne na hinstitiúide agus na sonraí tagarmharcála, de réir mar is cuí.
- An chéad sprioc agus/nó cuspóir(í) agus na tairbhíthe beartaithe.
- Taighde agus fianaise a chuir bonn eolais faoi dhearadh an togra.
- Aon fhoghlaim ó thograí a rinneadh roimhe seo nó ó thograí den chineál céanna a thabhairt isteach.

Uasteorainn focal: 600

[Líon focal, fíoracha san áireamh:]

3.2 Cur i bhfeidhm

Tabhair achoimre ar chur i bhfeidhm an togra agus cuir measúnú ar fáil ar an éifeachtúlacht. Ba cheart go mbeadh eolas maidir leis an méid seo a leanas san áireamh, ach ní liosta teoranta é:

- Cur i bhfeidhm an togra ar bhonn céimneach, mar shampla, príomhghníomhartha, garspriocanna; infhaighteacht agus úsáid na n-acmhainní chun tacú le cur i bhfeidhm agus lena n-úsáid.

- Forbairt na gcóras agus na bpróiseas chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chur i bhfeidhm agus measúnú a dhéanamh ar rath an togra.
- Scála agus torthaí láithreacha gníomhaíochtaí an togra, i.e., táirgí insoláthartha/aschuir, le tagairt do bhonnlínte, spriocanna, agus tagarmharcanna nó cásanna frithfhórasacha.
- Aon athrú ar an togra le linn na tréimhse cur i bhfeidhm le tagairt d'aon chúinse seachtrach agus/nó comhthéacs atá ag forbairt.
- Léargais agus foghlaim ón monatóireacht, ón measúnú, agus ón meastóireacht.
- Aon athrú ar an togra mar fhreagairt ar an bhfoghlaim thar shaolré an togra.
- Feabhas ar bith ar an éifeachtúlacht a tugadh faoi deara le himeacht ama.

Uasteorainn focal: 800

[Líon focal, fíoracha san áireamh:]

3.3 Tionchair

Sa chomhthéacs seo, déantar cur síos ar **thionchar** mar a leanas: ‘tionchar ar, athrú ar, nó buntáiste don gheilleagar, don tsochaí, don chultúr, don pholasaí nó seirbhísí phoiblí, don tsláinte, don timpeallacht, nó don chaighdeán saoil, taobh amuigh den saol acadúil’.

Ba cheart tionchair a thomhas ó thaobh na **cumhachta agus na tábhachta** de:

- Is ionann **cumhacht** agus ‘fairsinge agus/nó éagsúlacht thairbhíthe an tionchair, mar is cuí do nádúr an tionchair’.
- Is ionann **tábhacht** agus ‘a mhéid atá an tionchar tar éis feidhmíocht, polasaithe, cleachtais, táirgí, seirbhísí, tuiscint, feasacht nó folláine na dtairbhíthe a chumasú, a shaibhriú, tionchar a imirt orthu, bonn eolais a chur fúthu nó a athrú’.

Is ionann ‘**taobh amuigh den saol acadúil**’ agus ‘nach gcuirtear tionchair ar thaighde ná forbairt an eolais acadúil laistigh de na hearnálacha HE (cé acu in Éirinn nó go hidirnáisiúnta) san áireamh.’ É sin ráite, cuirtear tionchair ar ‘mhic léinn, gníomhaíochtaí teagaisc agus eile laistigh agus taobh amuigh den institiúid ardoideachais araon atá ag déanamh aighneachta’⁵ san áireamh.

Déan cur síos mionsonraithe ar na tionchair atá bainte amach ag an togra, agus/nó ar chuir an togra leo, le tacaíocht ó fhianaise láidir chainníochtúil agus/nó cháilíochtúil agus sonraí

⁵ Tógadh na sainmhíneithe ar thionchair, ar thábhachtach agus ar chumhacht ón gCreat um Fheabhas Taighde (2021), *Guidance on submissions*, RA - www.ref.ac.uk, agus tá an difríocht idir na sainmhíneithe ar thionchar mar chineál toraidh agus ar thionchar mar chritéar bunaithe ar ECFE (2023), *Glossary of Key Terms in Evaluation and Results Based Management for Sustainable Development* (an dara heagrán), Foilsitheoireacht ECFE, Páras - <https://doi.org/10.1787/632da462-en-fr>.

bonnlíne. Ba cheart go mbeadh eolas maidir leis an méid seo a leanas san áireamh, ach ní liosta teoranta é:

- Na tairbhíthe (cé nó cén pobal, toghcheantar nó eagraíocht a bhain tairbhe as) agus an cineál tionchair (cén tairbhe a bhain siad as), le buntáistí difreálacha ar fud grúpaí daoine difriúla measta agus imdhealaithe mar is ceart, de réir mar is cuí.
- Measúnú ar chumhacht agus ar thábhacht na dtionchar, le tagairt do bhonnlínte, spriocanna agus tagarmharcanna nó cásanna frithfhíorasacha, de réir mar is cuí.
- Dearbhú seachtrach ar bith ar ghnóthachtáil.
- Cé mhéad dá sprioc/dá spriocanna a bhí uaidh a bhain an togra amach.
- Conclúidí maidir leis na gnéithe atá mar chúis le rath an togra measúnaithe.

Uasteorainn focal: 1100

[Líon focal, fíoracha san áireamh:]

4. Síniú údaráithe

Ní mór do Cheann na hInstitiúide na Cás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair a shíniú sula gcuirtear faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas é faoin **XX XXXXXXX ag 17:00**.

Thar ceann [cuir institiúid ardoideachais isteach], dearbhaím go bhfuil na sonraí a thugtar san aighneacht chás-staidéir seo fíor agus ceart.

Síniú Cheann na hInstitiúide:	
Ainm i bPrionta:	
Dáta:	

Aguisín 2: Liosta de pholasaithe agus straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Is liosta é seo a leanas de pholasaithe agus straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá bunaithe ar fhorbairt Chreat Feidhmíochta Córais 2023-2028, agus féadfar tagairt a dhéanamh dó in IACS. Tabhair faoi deara gur liosta táscach seachas iomlán é seo. Is féidir le hinstiúidí tagairt a dhéanamh do pholasaithe agus straitéisí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta eile de réir mar is cuí dá gcomhthéacs.

Pleananna Forbartha Náisiúnta:

- Tionscadal Éireann 2040
 - [Creat Pleanála Náisiúnta](#) (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht - DHLGH, 2020)
 - [Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030](#) (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe - DPER, 2021)
- [Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Acmhainneachta na hÉireann 2021](#) (DPER, 2021)
- [Straitéis Fhiontraíocht Éireann 2022 – 2024](#) (Fiontraíocht Éireann, 2022)
- [Clár an Rialtais](#) (Roinn an Taoisigh, 2020)

Pleananna Forbartha Réigiúnacha:

- [Ár dToghcháí Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025](#) (An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, 2021)
- [Tithíocht do Chách: Plean Tithíocht Nua na hÉireann](#) (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht - DHLGH, 2021)
- Straitéisí Réigiúnacha Eacnamaíochta agus Spáis
- Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha

Ardoideachas ginearálta:

- [Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030](#) (An Roinn Oideachais, 2019)
- [Ráiteas Straitéise 2021 – 2023](#) (DFHERIS, 2021)
- [Córas Treasach Aontaithe a Chur Chun Cinn don Fhoghlaim, Scileanna agus Eolas: Tuairisc ar an gComhairliúchán Poiblí](#) (DFHERIS, 2022)
- [Toghcháí FET: Aq Athrú na Foqlama ó Bhonn, Straitéis Náisiúnta an Bhreisoideachais agus na hOiliúna \(FET\)](#) (SOLAS, 2020)

Maoiniú:

- [Aq Maoiniú na Toghcháí aq Infheistiú in eolas agus scileanna: buntáiste iomaíoch na hÉireann](#) (DFHERIS, 2022)

Rochtain:

- [Plean Náisiúnta um Chomhionannas Rochtana ar Ardoideachas 2022-2028](#) (DFHERIS, 2022)

Teagasc agus Foghlaim:

- [Next Steps for Teaching and Learning: Moving Forward Together](#) (National Forum for

the Enhancement of Teaching and Learning in Higher Education, 2021)

- [Lítearthacht na nDaoine Fásta ar Feadh an tSaoil – straitéis lítearthachta 10 mbliana na ndaoine fásta](#) (DFHERIS, 2021)
- [Student Success Guiding Framework](#) (National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning in Higher Education, 2021)
- [Understanding and Enabling Student Success in Irish Higher Education](#) (National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning in Higher Education, 2019)

Rannpháirtíocht an Scoláire:

- [Straitéis NstEP 2022-2025](#) (Clár Rannpháirtíochta Náisiúnta an Scoláire, 2022)
- [Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn](#) (ISSE, 2022)

Scileanna:

- [Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025](#) (DFHERIS, 2021)
- [Scileanna Teicneolaíochta 2022](#) (An Roinn Oideachais, 2019)
- [Clár scileanna na hEorpa don iomaíochas inbhuanaithe, cothroime agus acmhainneacht shóisialta](#) (An Coimisiún Eorpach, 2020)
- [Tuairisc Le Chéile don Dearadh](#) (An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, 2020)
- [Plean Gníomhaithe don Phrintíseacht 2021 - 2025](#) (DFHERIS, 2021)
- Straitéis Scileanna Réigiúnacha

Idirnáisiúnta:

- Straitéis Oideachais, Taighde agus Nuálaíochta Idirnáisiúnta (*International Education, Research and Innovation Strategy*) (DFHERIS, á forbairt faoi láthair)
- [Straitéis na hEorpa d'Ollscoileanna](#) (An Coimisiún Eorpach, 2022)

Teangacha:

- [Déanann Teangacha Nasc - Straitéis do Theangacha lasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026](#) (DFHERIS, 2017)
- [An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge](#) (*Rialtas na hÉireann, 2010*)

Taighde agus Nuálaíocht:

- [Tionchar 2030 – Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann](#) (DFHERIS, 2022)
- [Plean Straitéiseach IRC 2020-2024](#) (An Chomhairle um Thaighde in Éirinn, 2020)
- [Shaping Our Future – SFI Strategy 2025](#) (SFI, 2021)
- [Policy Statement on Ensuring Research Integrity in Ireland](#) (IUA agus THEA, 2019 - athbhreithniú le teacht gan mhoill)
- [Prionsabail ÚAO an Dea-Chleachtas Taighde in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann](#) (ÚAO, athbhreithnithe 2022)
- [Creat Náisiúnta don Oideachas Dochtúireachta](#) (ÚAO agus QQI, athbhreithnithe 2023)
- [National Framework on the Transition to an Open Research Environment](#) (National Open Research Forum, 2019)
- [Plean Gníomhaithe Náisiúnta don Taighde Oscailte 2022 -2030](#) (DFHERIS 2022)
- [The European Code of Conduct for Research Integrity](#) (ALLEA - All European Academies, athbhreithnithe 2023)

- [The National IP Protocol 2019](#) (Knowledge Transfer Ireland, 2019)
- [Framework to Enhance Research Integrity in Research Collaborations](#) (Cumann Ollscoileanna Éireann, 2022)
- [Rialú Onnmhairí agus Dé-Úsáid](#) (An Coimisiún Eorpach, 2022)
- [European Research Area policy agenda](#) (An Coimisiún Eorpach, 2021)
- [National Smart Specialisation Strategy for Innovation 2022-2027](#) (DETE, 2022)

Forbairt Inbhuanaithe:

- [Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development](#) (NA, 2015)
- [Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024](#) (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide DECC, 2022)
- [An Dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe - OFI go 2030](#) (An Roinn Oideachais agus An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, 2022)
- [An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024](#) (DECC, 2024)
- [Straitéis agus Mandáid na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide](#) (DECC, 2023)
- [Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027](#) (DECC & OGP, 2024)

Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht:

- [Second HEA National Review of Gender Equality in Irish Higher Education Institutions](#) (ÚAO, 2022)
- [Ending Sexual Violence and Harassment in Higher Education Institutions, Implementation Plan, 2022 – 2024](#) (ÚAO, 2022)
- [Creat don Toiliú in Institiúidí Ardoideachais: Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Ag cur Deireadh le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann](#) (An Roinn Oideachais, 2020)
- [Race Equality in the Higher Education Sector Implementation Plan 2022-2024](#) (ÚAO, 2022)
- [Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm](#) (Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019)

Sláinte agus Folláine:

- [Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018 – 2023](#) (An Roinn Oideachais, 2019)
- [National Student Mental Health and Suicide Prevention Framework](#) (ÚAO, 2020)
- [Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách](#) (An Roinn Sláinte, 2020)
- [Cairt agus Creat an Champais Sláintiúil Ardoideachais](#) (An Roinn Sláinte, 2020)
- [An Creat um Ionaid Oibre Sláintiúla](#) (Éire Shláintiúil agus an Roinn Sláinte, 2019)
- [WHO's Global Action Plan on Physical Activity 2018 – 2030](#) (WHO, 2018)
- [Polasaí Alcóil Éire Shláintiúil](#) (Éire Shláintiúil agus An Roinn Oideachais, 2019)
- [The Drug Use in Higher Education in Ireland \(DUHEI\) Survey 2021](#) (DFHERIS, 2022)
- [Framework for Response to the Use of Illicit Substances within Higher Education](#) (An Roinn Oideachais, 2020)
- [Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025](#) (Éire Shláintiúil, 2021)

- [*Policies for tackling obesity and creating healthier food environments in Ireland: Food-EPI 2020: Current policies & priority actions*](#) (UCC agus PEN, 2020)
- [*Treirlínte Éire Shláintiúil agus na Roinne Sláinte um Ghníomhaíocht Coirp*](#)
- [*Clár an FSS maidir le Sláinte Ghnéis agus Toirchis Ghéarchéime*](#)
- [*Treirlínte Náisiúnta don Bhia Sláintiúil FSS*](#)
- [*Éire Saor ó Thobac - Clár FSS*](#)